2024/2610

2.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2610 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le hIosrael agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Liostaítear Iosrael maidir le teacht isteach gach tráchtearra éanlaithe clóis san Aontas a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus cuireadh ar fionraí teacht isteach tráchtearraí éanlaithe clóis ábhartha san Aontas a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinní V agus XIV de dheasca ráigeanna de ghalar Newcastle nó den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI). Le coinníollacha speisialta 'P2' nó 'P1' i gcolún 4 den tábla i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, léirítear, faoi seach, gur de dheasca ráig(eanna) de ghalar Newcastle nó ráig(eanna) de HPAI a chuirtear criosanna sonracha ar fionraí in Iosrael.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(6) An 4 Meán Fómhair 2024, chuir Iosrael an Coimisiún ar an eolas faoi ráig de HPAI, fochineál H5N1 i mbunaíocht éanlaithe clóis le turcaithe i gCeantar an Tuaiscirt.

(7) Chun an ráig sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí i gCeantar an Tuaiscirt in Iosrael a léiriú, ba cheart an coinníoll sonrach 'P1' i gcolún 4 den tábla i Roinn B, Cuid 1 d'Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a chur leis le haghaidh na gcriosanna ábhartha in Iosrael.

(8) Tá fógra tugtha ag na Stáit Aontaithe don Choimisiún faoi dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California agus Florida, ráigeanna a deimhníodh an 18 Meán Fómhair 2024 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

(9) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, bhunaigh údarás tréidliachta na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(10) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch agus na bearta atá glactha acu chun leathadh an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna a tharla le déanaí i stáit California agus Florida.

(11) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna criosanna srianta arna bhunú ag údarás tréidliachta na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na criosanna srianta sin i stáit California agus Florida a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(12) Ina theannta sin, sholáthair na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Bhain an fhaisnéis nuashonraithe sin leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le 15 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Colorado (1), Florida (3), Iowa (2), Michigan (2), Minnesota (5) agus New Mexico (1), ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (RT-PCR) idir an 12 Aibreán 2024 agus an 19 Iúil 2024.

(13) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinneadh chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(14) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir na Stáit Aontaithe isteach, agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha aige nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna Stáit Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach in Iosrael agus sna Stáit Aontaithe.

(16) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair in Iosrael agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le hIosrael agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(17) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hIosrael:

‘**IL** Iosrael	D.21–IL-0	BPP, BPR, DOC, DOR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	P1, P2		28.1.2017	
		ES	P1, P2		18.4.2015	
		SPF’				

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.641:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.641	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.4.2024	30.8.2024’

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.643:

‘**US** na Stáit Aontaithe	29.7.643	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.4.2024	30.8.2024’

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.645:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.645	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		26.4.2024	11.8.2024’

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.647:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.647	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		2.5.2024	11.8.2024’

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.655:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.655	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.5.2024	9.8.2024’

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.657:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.657	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.6.2024	1.9.2024’

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.660 agus US-2.661:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.660	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.6.2024	16.8.2024
	US-2.661		N, P1		13.6.2024	2.9.2024’

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh criosanna US-2.663, US-2.664 agus US-2.665:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.663	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.6.2024	10.8.2024
	US-2.664		N, P1		21.6.2024	31.8.2024
	US-2.665		N, P1		27.6.2024	25.8.2024’

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.671:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.671	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		16.7.2024	2.9.2024’

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.673, US-2.674 agus US-2.675:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.673	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		19.7.2024	23.8.2024
	US-2.674		N, P1		19.7.2024	23.8.2024
	US-2.675		N, P1		19.7.2024	23.8.2024’

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh criosanna US-2.678 agus US-2.679 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.677:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.678	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		18.9.2024	
	US-2.679		N, P1		18.9.2024’	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.678 agus US-2.679 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.677:

‘Na Stáit Aontaithe	US-2.678	State of California Merced 12 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.7901850°W 37.4445084°N)
	US-2.679	State of Florida Orange 01 Orange County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 81.2745525°W 28.6759464°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hIosrael:

‘**IL** Iosrael	D.21– IL-0	RAT	P1, P2		28.1.2017	
		GBM	P1, P2		18.4.2015	
	D.21– IL-1	POU	N, P1’		24.4.2019	
	D.21– IL-2	POU	P1, P2		21.1.2017’	

(b) maidir leis an iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.641:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.641	POU, RAT	N, P1		12.4.2024	30.8.2024
		GBM	D.21– P1		12.4.2024	30.8.2024’

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.643:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.643	POU, RAT	N, P1		17.4.2024	30.8.2024
		GBM	D.21– P1		17.4.2024	30.8.2024’

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.645:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.645	POU, RAT	N, P1		26.4.2024	11.8.2024
		GBM	D.21– P1		26.4.2024	11.8.2024’

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.647:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.647	POU, RAT	N, P1		2.5.2024	11.8.2024
		GBM	D.21–P1		2.5.2024	11.8.2024’

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.655:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.655	POU, RAT	N, P1		21.5.2024	9.8.2024
		GBM	D.21–P1		21.5.2024	9.8.2024’

(vi) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.657:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.657	POU, RAT	N, P1		3.6.2024	1.9.2024
		GBM	D.21–P1		3.6.2024	1.9.2024’

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.660 agus US-2.661:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.660	POU, RAT	N, P1		12.6.2024	16.8.2024
		GBM	D.21–P1		12.6.2024	16.8.2024
	US-2.661	POU, RAT	N, P1		13.6.2024	2.9.2024
		GBM	D.21–P1		13.6.2024	2.9.2024’

(viii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.663, US-2.664 agus US-2.665:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.663	POU, RAT	N, P1		18.6.2024	10.8.2024
		GBM	D.21–P1		18.6.2024	10.8.2024
	US-2.664	POU, RAT	N, P1		21.6.2024	31.8.2024
		GBM	D.21–P1		21.6.2024	31.8.2024
	US-2.665	POU, RAT	N, P1		27.6.2024	25.8.2024
		GBM	D.21–P1		27.6.2024	25.8.2024’

(ix) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.671:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.671	POU, RAT	N, P1		16.7.2024	2.9.2024
		GBM	D.21–P1		16.7.2024	2.9.2024’

(x) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.673, US-2.674 agus US-2.675:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.673	POU, RAT	N, P1		19.7.2024	23.8.2024
		GBM	D.21–P1		19.7.2024	23.8.2024
	US-2.674	POU, RAT	N, P1		19.7.2024	23.8.2024
		GBM	D.21–P1		19.7.2024	23.8.2024
	US-2.675	POU, RAT	N, P1		19.7.2024	23.8.2024
		GBM	D.21–P1		19.7.2024	23.8.2024’

(xi) cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.678 agus US-2.679 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.677:

‘**US** na Stáit Aontaithe	US-2.678	POU, RAT	N, P1		18.9.2024	
		GBM	D.21–P1		18.9.2024	
	US-2.679	POU, RAT	N, P1		18.9.2024	
		GBM	D.21–P1		18.9.2024’	